Ábhar:

OIDEACHAS PHÁISTÍ AGUS DHAOINE ÓGA DE CHUID AN LUCHT TAISTIL

Uimhir an Chiorcláin:
2010/15

Dáta Eisiúna
Lúnasa 2010

Spriocléitheoirí:

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí na Scoileanna Deontaschúnta uile;
- Boird Oideachais agus Leabharlann;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil;
- Comhairle na Gaelscolaíochta; agus
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Comhtháite

Feasacht Gobharnóirí:
Riachtanach

Achoimre ar Ábhar:

Tugann an Ciorclán seo treoir nuashonraithe maidir le hoideachas pháistí de chuid an Lucht Taistil.

Lena chois sin tugann sé treoir do gach scoil maidir le cuimsiú an Lucht Taistil inár gcuid scoileanna.

Tá sonraí faoin chomhthéacs reachtach agus straitéiseach ar fáil in Iarscríbhinn A.

Tá samplaí den dea-chleachtas ar fáil in Iarscríbhinn B.

Tá liosta teagmhálaithe úsáideacha do scoileanna ar fáil in Iarscríbhinn C.

Tá sainmhínithe ar 'Chineál Cóiríochta' ar fáil in Iarscríbhinn D.

Stádas an Ábhair:
Treoir do Phríomhoidí agus do Bhoird Ghobharnóirí

Doiciméid Ghaolmhara:
N/B

Doiciméid Dhímholta:
Ciorclán 1993/37

Dáta Éaga:
Níl Bainteach

Láithreán Gréasáin RO:
www.deni.gov.uk

Fiosrúcháin:

Ba chóir gach fiosrúchán faoina bhfuil sa Chiorclán seo a chur chuig:

An Fhoireann um Riachtanais Bhreise Oideachais
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Giall
43 Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
Co an Dúin BT19 7PR

Fón: 028 9127 9700
Facs: 028 9127 9100

Ríomhphost:
additionaleducationalneedsteam@deni.gov.uk

Cóipeanna Breise:
Fón: 028 9127 9514

OIDEACHAS PHÁISTÍ AGUS DHAOINE ÓGA DE CHUID AN LUCHT TAISTIL

Clár	Leathanach
Intreoir	1
Prionsabail an Bheartais	1
Inniúlachtaí Múinteoirí	2
Cuimsiú agus Ilchineálacht	2
An Curaclam Athbhreithnithe	3
Oideachas Réamhscolaíochta	4
Cláir Aistrithe	4
Comhionannas Deiseanna	5
Tinreamh a Bhainistiú	5
Clárú Faisnéise	5
Naisc Bhaile-Scoile	6
Bulaíocht	6
Ag Obair i gComhpháirtíocht	7
Cistiú	7
Soláthar Óige	8
IARSCRÍBHINN A – Comhthéacs Reachtach agus Straitéiseach	9
IARSCRÍBHINN B – Dea-chleachtas in Oideachas an Lucht Taistil	11
IARSCRÍBHINN C – Teagmhálaithe Úsáideacha	13
IARSCRÍBHINN D – Ag Comhlánú na Réimse 'Cineál Cóiríochta'	15

INTREOIR

1. Tá sainmhíniú déanta ar Lucht Taistil na hÉireann mar "pobal....a shainaithnítear (acu féin agus ag daoine eile) mar dhaoine a bhfuil stair, cultúir agus traidisiúin chomhroinnte acu, lena n-áirítear, ó thaobh na staire de, nós maireachtála fánaíochta ar oileán na hÉireann". [1] Áirítear orthu seo Lucht Taistil a chónaíonn i gcóiríocht 'lonnaithe'.

2. Aithnítear an Lucht Taistil mar mhionlach eitneach faoin Ordú um Chaidreamh idir Ciníocha (Leasú) (TÉ) 2003, agus cuireann Alt 75 d'Acht T.É. 1998 d'iachall ar údaráis phoiblí ainmnithe an aird chuí a thabhairt ar an ghá atá le comhionannas deiseanna a chur chun cinn idir roinnt catagóirí difriúla lena n-áirítear grúpaí difriúla ciníocha. Lena chois sin, tá ceanglas ar údaráis phoiblí ainmnithe aird a thabhairt ar an inmhianaitheacht atá le dea-chaidrimh a chur chun cinn idir daoine ó ghrúpaí difriúla ciníocha. Tá Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh sínithe ag Rialtas na RA agus ag Rialtas na hÉireann araon agus tá prionsabail an Choinbhinsiúin sin mar threoir don Chiorclán seo. Is féidir sonraí breise ar reachtaíocht agus ar bheartais agus straitéisí iomchuí rialtais a fháil in Iarscríbhinn A.

3. Tugann an Roinn Oideachais a luach don Lucht Taistil agus aithníonn an tábhacht atá le comhionannas deiseanna a chinntiú do gach páiste agus duine óg de chuid an Lucht Taistil ionas go bhfuil fáil acu ar an churaclam iomlán agus go dtig leo bheith páirteach i dtimpeallacht chuimsitheach i ngach gné den saol scoile.

4. Ba chóir an Ciorclán seo a léamh i gcomhthéacs cur chuige sa scoil uile maidir le hilchineálacht. Baineann cuid mhaith den treoir sa chiorclán seo le páistí ó mhionlaigh eitneacha eile, nó go deimhin le páistí ar bith eile. Díríonn an Ciorclán seo go sonrach ar pháistí de chuid an Lucht Taistil mar pháirt den chomhthéacs níos leithne. Is eochairchoincheap é an comhionannas. Mar sin féin, ní chiallaíonn comhionannas i gcónaí gur chóir caitheamh le gach dalta sa dóigh chéanna. Nuair a chuirtear na leibhéil arda mhíbhuntáiste a d'fhulaing an Lucht Taistil le blianta fada san áireamh, i dtuaisceart agus i ndeisceart na hÉireann, creideann an Roinn gur tábhachtach bearta breise dearfacha a dhéanamh ar mhaithe le hoideachas pháistí de chuid an Lucht Taistil agus daoine óga go háirithe. Tá an Roinn tiomanta do leibhéal tinrimh agus gnóthachtála pháistí de chuid an Lucht Taistil a ardú le go mbeadh sé ar chomhchéim le leibhéal pháistí eile (lena n-áirítear grúpaí mionlach eitneach eile). Tá tagairt shonrach in *Gach Scoil ina Scoil Mhaith: Beartas um Fheabhsú Scoileanna* don Lucht Taistil mar cheann de na grúpaí a bhfuil fócas ar leith de dhíth air le gul i ngleic leis an tearcghnóthachtáil (Féach Iarscríbhinn A).

5. Is iomaí dea-shampla atá againn de scoileanna a bhfuil fianaise spreagúil acu maidir leis an dóigh a bhfuil siad ag seachadadh ardchaighdeáin tacaíochta do pháistí agus do dhaoine óga de chuid an Lucht Taistil agus tá breac-chuntas de shamplaí an dea-chleachtais le fáil in Iarscríbhinn B. Mar sin féin, is féidir níos mó a bhaint amach agus tá sé mar aidhm ag an Chiorclán seo treoir nuashonraithe a chur ar fáil do na scoileanna maidir le hoideachas pháistí de chuid an Luacht Taistil agus feasacht a ardú ar mhodh maireachtála agus ar chultúir an Lucht Taistil i measc na ndaltaí agus na múinteoirí uile. Siocair gur dócha go mbíonn na dúshláin roimh pháistí Romacha san oideachas cosúil leis na dúshláin a bhíonn roimh Lucht Taistil na hÉireann, cuideoidh an treoir seo le scoileanna tacú le páistí agus daoine óga Romacha fosta.

PRIONSABAIL AN BHEARTAIS

6. Ba chóir go soláthrófaí oideachas do pháistí agus do dhaoine óga de chuid an Lucht Taistil i dtimpeallacht chuimsitheach ar chóir a chothú lastigh den phobal iomlán scoile. Ba chóir don timpeallacht sin na nithe seo a leanas a dhéanamh:

[1] An tOrdú um Chaidreamh idir Ciníocha (T.É.) 1997

- Fáilte ó chroí a chur roimh gach uile pháiste.
- Comhionannas deiseanna a sholáthar do chách agus dea-chaidrimh idir ciníocha a chothú.
- Bheith tuisceanach ar mhodh maireachtála agus ar chultúir theaghlaigh de chuid an Lucht Taistil.
- A luach a thabhairt d'ionchur réimsí cultúr laistigh de chur chuige sa scoil uile.
- A chinntíu go gcomhlíonann gach foghlaimeoir a c(h)umas.
- Tuismitheoirí a aithint agus a spreagadh mar phríomhtheagascóirí.

INNIÚLACHTAÍ MÚINTEOIRÍ

7. Nuair a bhíonn siad ag forbairt na n-inniúlachtaí gairmiúla atá leagtha amach ag an Chomhairle Ghinearálta Teagaisc, ba chóir do mhúinteoirí machnamh ar leith a dhéanamh ar an dóigh a dtig leo na hinniúlachtaí seo a chur i bhfeidhm ar mhaithe le leas pháistí an Lucht Taistil, inniúlacht uimhir 8 go háirithe [2].

CUIMSIÚ AGUS ILCHINEÁLACHT

8. Is bealach fíorluachmhar í an timpeallacht ilchineálach agus chuimsitheach le teagasc dár bpáistí uile le bheith páirteach sa tsochaí, a bhfuilimid mar chuid di, sochaí atá ag éirí níos domhandaithe. Ba chóir do gach scoil an ilchineálacht a cheiliúradh agus léargas agus eispéireas a thabhairt do gach páiste ar chultúir dhifriúla. Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm ag scoileanna bheith dearfach ó thaobh cultúr de trí chur chuige iomlán scoile a bheith acu i dtaca le hoideachas idirchultúrtha de, rud a bhunóidh bunphrionsabail an idirchultúrachais agus a chuideoidh le gach gné d'obair na scoile.

9. Bíonn leibhéil arda leithcheala á bhfulaingt ag an Lucht Taistil go háirithe. Ba chóir go mbeadh meas ar chultúir an Lucht Taistil i scoileanna. Fiú mura mbíonn daltaí ar bith de chuid an Lucht Taistil ar an rolla, tig le gach páiste a fhoghlaim nach bhfuil leithcheal den chineál seo inghlactha.

10. Is tábhachtach go n-aithnítear an difríocht idir cultúir an Lucht Taistil agus na patrúin nó na hiompraíochtaí sóisialta ar féidir gurb é an t-eiseamh agus an bochtanas is cúis leo, agus is tábhachtach plé leis na dúshláin a bhíonn ann dá mbarr mar is cuí. Ní inghlactha na dúshláin chasta a bhíonn roimh chuid mhór páistí de chuid an Lucht Taistil i gcúrsaí oideachais a shimpliú agus róbhéim a chur ar chultúir an Lucht Taistil mar chúis 'uileghabhálach' orthu seo. Tá ceanglas dlíthiúil agus gairmiúil ar gach soláthraí seirbhíse dúshláin míthuiscintí nó claontaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcuid institiúidí a thabhairt ar bhonn dea-chleachtais oideachais. Is féidir sin a bhaint amach trí chlár leanúnach a bheith ann le cleachtais a nuashonrú do ghairmithe oideachais trí pháirt a ghlacadh in oiliúint ilchineálachta a chumhdaíonn dearcthaí i leith an Lucht Taistil. Scoileanna a bhfuil páistí de chuid an Lucht Taistil ar an rolla acu, ba chóir dóibh cláir forbartha foirne a dhíríonn ar riachtanais shainiúla pháistí de chuid an Lucht Taistil a sholáthar. Ba chóir do bhaill foirne i mBord Oideachais agus Leabharlann tacaíocht a sholáthar leis sin a bhaint amach ach faoi na scoileanna atá sé an tacaíocht sin a iarraidh go gníomhach.

11. Ba chóir go dtuigfeadh scoileanna, mar a tharlaíonn le cultúir eile, go gcaithfear socruithe speisialta a dhéanamh in amanna do pháistí de chuid an Lucht Taistil. Ba chóir do scoileanna fiafraí de thuismitheoirí pháistí de chuid an Lucht Tistil cé acu tá aon deacrachtaí cultúrbhunaithe acu le gnáthamh, rialacha agus nósanna imeachta

---

[2] Beidh eolas agus tuiscint forbartha ag múinteoirí ar an ghá atá le gnéithe suntasacha de chultúir, teangacha, creidimh a chur san áireamh agus le tabhairt faoi na himpleachtaí foghlama a eascraíonn astu seo.'
Comhairle Ghineáralta Teagaisc, Ráitis Inniúlachtaí

na scoile. Is féidir leis an scoil breithniú ansin cé acu is féidir soláthar a dhéanamh nó nach féidir. Ba chóir cinntí a mhíniú go soiléir do na tuismitheoirí.

12. Mar bhunchuid den chóras tréadchúraim, féadfaidh an scoil breithniú a dhéanamh ar bhall foirne a cheapadh mar chomhordaitheoir do gach dalta ó mhionlaigh eitneacha agus ba chóir iarrachtaí áirithe a dhéanamh le páistí de chuid an Lucht Taistil a chur ar an eolas faoi ról an bhaill foirne sin. Is léir ón dea-chleachtas gur féidir le teagmháil phearsanta le teaghlaigh de chuid an Lucht Taistil dul i bhfeidhm go dearfach ar oideachas a gcuid páistí. Tuigeann an RO nach bhfuil líon suntasach daltaí ó mhionlaigh eitneacha ag gach scoil, agus sna cásanna sin d'fhéadfaí ról an chomhordaitheora a threorannú do roinnt uaireanta in aghaidh na seachtaine nó d'fhéadfaí comhaontú a dhéanamh le grúpa scoileanna le comhordaitheoir a roinnt.

AN CURACLAM ATHBHREITHNITHE

13. Tá solúbthacht ag baint leis an churaclam athbhreithnithe a chuirfidh ar chumas scoileanna, mar chuid den chur chuige iomlán scoile, stair agus cultúir Lucht Taistil na hÉireann a bheith mar chuid den churaclam agus steiréitíopaí agus dearcthaí réamhchlaonta a phlé agus a ndúshláin a thabhairt.

14. Gné amháin d'oideachas saoránachta do gach dalta is ea cur chun cinn na hilchineálachta agus meas ar éagsúlacht. Ag an bhunleibhéal, tá deiseanna ann le saincheisteanna a bhaineann leis an Lucht Taistil a ionchorporú sa Réimse Foghlama Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint. Ag leibhéal na hlar-Bhunscolaíochta, tá deiseanna ann sa Réimse Foghlama Ag Foghlaim don Saol agus don Obair: Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda. D'fhéadfaí ábhair treorach agus oiliúna atá in úsáid ag grúpaí áitiúla pobail agus grúpaí tacaíochta Lucht Taistil a úsáid le múinteoirí/ scoileanna a chumasú le cultúir an Lucht Taistil a aithint agus a cheiliúradh. B'fhéidir gur mhaith le scoileanna cóip de Chatalóg Acmhainní Giofóg, Romach agus Lucht Taistil a fháil ó Chumann Náisiúnta Múinteóirí an Lucht Taistil + Gairmithe Eile. Tá sonraí teagmhála le fáil in Iarscríbhinn C.

15. Is mó an tsolúbthacht a bheas ag scoileanna lena dtairscint curaclaim a chur in oiriúint níos fearr do riachtanais agus d'ardmhianta a gcuid daltaí trí chur i bhfeidhm an Chreata Teidlíochta (CT), a chuirfeas ar gach iar-bhunscoil rochtain ar réimse níos leithne cúrsaí a sholáthar do gach duine óg ó aois 14 ar aghaidh agus ar a laghad trian díobh bheith ina gcúrsaí feidhmeacha/gairme. Cinnteofar rochtain lastigh de scoil an dalta agus trí shocruithe comhoibrithe le scoileanna agus le soláthraithe eile ar aon. Ba chóir do scoileanna breithniú a dhéanamh ar naisc níos láidre a dhéanamh le colaistí áitiúla Breisoideachais (BO) faoin Chreat Teidlíochta le roghanna gairme a leathnú, agus breithniú a dhéanamh ar cháilíochtaí a thairiscint ar nós iad siúd atá á soláthar ag ASDAN (**www.asdan.org.uk**), lena n-áirítear an Teastas Éifeachtachta Pearsanta (TEP). Féadfaidh ról a bheith ag an tSeirbhís Óige fosta ó thaobh cáilíochtaí malartacha a sheachadadh.

16. Ba chóir do na Boird leabharlann acmhainní teagaisc a fhorbairt agus a chur chun cinn do scoileanna a bhaineann le saol agus le cultúir an Lucht Taistil. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh ar bhonn réigiúnach i gcomhairle le scoileanna, le grúpaí tacaíochta áitiúla Lucht Taistil, le tuismitheoirí agus páistí de chuid an Lucht Taistil, agus laistigh den chomhthéacs níos leithe d'ilchineálacht. Ba chóir teagmháil a dhéanamh le páirtithe iomchuí eile fosta.

17. Is iomaí leas a bhaineann le gníomhaíochtaí réamhscoile agus iarscoile do gach páiste i réimsí na sláinte feabhsaithe, idir fhisiceach agus mheabhrach, léiriú cruthaitheach agus idirghníomhú sóisialta. Ba chóir do scoileanna, i gcomhairle le tuismitheoirí de chuid an Lucht Taistil, machnamh a dhéanamh ar na bearta atá de dhíth le freastal pháistí de chuid an Lucht Taistil ar na gníomhaíochtaí seach-churaclaim seo a éascú agus a spreagadh ionas go dtig leo lántairbhe a bhaint astu.

OIDEACHAS RÉAMHSCOLAÍOCHTA

18. Tá sé tábhachtach go dtugtar deis do gach páiste tairbhe a bhaint as tacaíocht sna luathbhlianta. Mar sin féin, tá líon na bpáistí de chuid an Lucht Taistil atá ar rollaí réamhscolaíochta i bhfad níos ísle ná mar atá líon na bpáistí de chuid an phobail lonnaithe agus, mar sin de, ba chóir tacú le gníomhaíochtaí réamhscolaíochta do pháistí de chuid an Lucht Taistil áit ar bith ar féidir. Tá sé tábhachtach go n-aithníonn naíscoileanna agus grúpaí súgartha go bhféadfadh solúbthacht bhreise a bheith i gceist nuair atá páistí de chuid an Lucht Taistil le clárú as siocair roinnt dúshlán atá roimh chuid mhór tuismitheoirí de chuid an Lucht Taistil. Ba chóir go mbeadh ról lárnach ag na Boird maidir le tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas faoi thábhacht agus faoi rochtain na ngníomhaíochtaí seo agus tuismitheoirí a spreagadh lena dtacaíocht a thabhairt dóibh.

CLÁIR AISTRITHE

19. Go minic is am doiligh do chuid mhór páistí de chuid an Lucht Taistil an t-aistriú ó bhunscoil go hiar-bhunscoil de dheasca an-bhrú a bheith ar chuid acu an scoil a fhágáil ag an am seo. Tagann sé seo mar bharr ar imeacht páistí ón scoil, a aithnítear go forleathan, le linn luathbhlianta an oideachais iar-bhunscolaíochta. Ba chóir cur chuige aontaithe a leanúint le cláir aistrithe réigiúnacha a fhorbairt le tacú le páistí de chuid an Lucht Taistil aistriú ó bhunscolaíocht go dtí an iar-bhunscolaíocht agus ba chóir go mbeadh Seirbhís Leasa Oideachais, scoileanna, Grúpaí tacaíochta Lucht Taistil, tuismitheoirí de chuid an Lucht Taistil agus na páistí iad féin páirteach sa phróiseas. Ba chóir go mbeadh an comhordaitheoir scoile dá dtagraítear dó i bparagraf 12 páirteach sa chlár seo agus ba chóir do Bhoird oiliúint a chur ar fáil.

20. D'fhéadfadh gá fosta a bheith le roinnt scoileanna cláir speisialta aistrithe a fhorbairt do pháistí de chuid an Lucht Taistil a bhí ar shiúl ag taisteal agus a chaithfidh teacht i dtaithí athuair ar an scoil i ndiaidh bheith as láthair ar feadh tréimhse. Tá cur chuige solúbtha de dhíth le freastal ar riachtanais pháistí ina leithéid de chás. Cé go bhféadfadh clár ar leith staidéir a bheith i gceist do roinnt páistí de chuid an Lucht Taistil, ba chóir gur thréimhse ama shainiúil theoranta i gcónaí í a bhfuil de chuspóir aici páistí a imeascadh ag an leibhéal cuí. Is é an rogha is fearr oideachas a chur ar pháistí de chuid an Lucht Taistil i ranganna príomhshrutha in éineacht lena gcuid piaraí. Dá gcruthófaí pleananna indibhidiúla oibre do pháistí de chuid an Lucht Taistil atá ag titim ar gcúl, lena n-áirítear garspriocanna gearrthéarmacha, pleananna a chuirfeadh aon taisteal le linn na bliana san áireamh; d'fhéadfadh siad creat inspreagtha a sholáthar do pháistí agus do thuismitheoirí de chuid an Lucht Taistil. Ba chóir do Bhoird tacú le scoileanna atá ag obair le páistí atá á n-athimeascadh agus ba chóir do scoileanna nósanna imeachta soiléire a bhunú le fáilte a chur roimh na páistí ar fad a thagann isteach i lár na bliana acadúla.

21. Bogann roinnt páistí de chuid an Lucht Taistil ó scoil go scoil ar bhonn rialta agus ba chóir go gcinnteodh idir scoileanna agus Bhoird go bhfuil na próisis aistrithe ó scoil go scoil chomh héasca agus is féidir. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh gach taifead, eolas agus teagmháil ábhartha a chur ar aghaidh chuig an scoil nua.

22. De bharr go bhfágann roinnt mhaith páistí de chuid an Lucht Taistil an scoil faoi aois 14, ní mór tús a chur le gairmthreoir roimh an aois sin mar straitéis le tacú le páistí de chuid an Lucht Taistil deireadh a chur lena gcuid oideachais. Bheadh tuiscint ar chultúr an Lucht Taistil agus tuiscint gur féidir le hardmhianta roinnt páistí de chuid an Lucht Taistil bheith difriúil ó ardmhianta an phobail lonnaithe ina chuidiú leis an treoir sin a fhorbairt. Ba chóir féinfhostaíocht a phlé agus an rogha sin a aithint ag imeachtaí gairmeacha mar aon le roghanna níos traidisiúnta. Dá gcruthófaí naisc le fostóirí áitiúla le haghaidh taithí oibre, d'fhéadfadh sé cuidiú leis an aistriú ó scoil go dtí saol na hoibre a éascú.

COMHIONANNAS DEISEANNA

23. Tá bearta dearfacha de dhíth leis an éagothromaíocht i dtorthaí oideachais idir páistí de chuid an Lucht Taistil agus páistí de chuid an phobail lonnaithe a chothromú agus le fíor-chomhionannas deiseanna a sholáthar. Ba chóir do gach soláthraí, ar bhonn dea-chleachtais, am a chur i leataobh le machnamh a dhéanamh ar dhóigheanna cruthaitheacha agus nuálacha le bearta dearfacha i leith oideachas pháistí de chuid an Lucht Taistil a chur chun cinn.

24. Le comhionannas deiseanna a bhaint amach, is gá gur ar chumas amháin a bhíonn ionchais mhúinteoirí maidir lena gcuid daltaí bunaithe agus ní ar eitneachas óir is féidir le steiréitíopáil daltaí leibhéal níos ísle ionchas a chruthú. Ba chóir go gcaithfí le hardmhianta páistí ar bhonn comhionannais; ba chóir iad a spreagadh agus ba chóir measúnú cumais bheith mar an gcéanna do gach dalta.

25. Caithfear an difear idir moill foghlama mar gheall ar dhrochthinreamh agus deacrachtaí foghlama mar gheall ar shainriachtanais oideachais a aithint agus caithfear plé le gach cás mar is cuí.

TINREAMH A BAINISTIÚ

26. Is den ríthábhacht go ndéanann scoileanna machnamh ar na fáthanna atá le drochthinreamh. D'fhéadfadh teagmháil rialta le tuismitheoirí de chuid an Lucht Taistil ón tus cuidiú le scoileanna fios a bheith acu go mbeidh páistí as láthair de bharr chultúr an Lucht Taistil.

27. A luaithe agus atá páiste cláraithe ag scoil, ní mór dá c(h)uid tuismitheoirí a chinntiú go bhfreastalaíonn sé/sí. Is é príomhfhreagracht na dtuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis an scoil i gcás tréimhsí neamhláithreachta. Tá tairseacha tinrimh socraithe ag an tSeirbhís Leasa Oideachais chomh maith le pointí ar chóir atreoruithe a dhéanamh, agus tá siad seo le feiceáil i gcomhaontuithe leibhéil seirbhíse le scoileanna. Má bhaintear pointí tairsí amach, is é freagracht na scoile teagmháil a dheanamh leis an tSeirbhís Leasa Oideachais, mar is gá i gcásanna gach páiste. Cuidíonn comhairliúchán rialta leis an tSeirbhís Leasa Oideachais leis na scoileanna riachtanais teaghlaigh aonair a mheas agus straitéisí tinrimh a phlé, a chuideoidh le gach teaghlach tinreamh a gcuid páistí a fheabhsú.

28. Bíonn taithí ag roinnt páistí de chuid an Lucht Taistil ar 'cur isteach ar fhoghlaim' as siocair iad a bheith mar chuid de theaghlach a bhíonn ag tasiteal go rialta agus ar feadh tréimhsí fada ama. Is cuid inmheánach de chultúir an Lucht Taistil í an fhánaíocht agus ba chóir do scoileanna, i gcomhar le tuismitheoirí, agus mar ar cuí, le hOifigigh Leasa Oideachais agus le grúpaí tacaíochta Lucht Taistil, obair i bpáirt lena chéile le roghanna i leith oideachais leanúnaigh le linn an taistil a phlé. Ba chóir tuismitheoirí fánacha a spreagadh lena gcuid páistí a chlárú ar scoil eile má tá siad le bheith ar shiúl ar feadh tréimhse shuntasach ama agus ba chóir socruithe a dhéanamh leis an pháiste a ath-imeascadh ar fhilleadh ar an cheantar dóibh. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh an t-eolas ábhartha uile a chur ar aghaidh chuig an scoil atá ag glacadh leis an pháiste. Má tá an páiste cláraithe leis an scoil arís nuair a fhilleann sé/sí ar an cheantar ba chóir socruithe a dhéanamh le hé/hí a ath-imeascadh sa scoil.

CLÁRÚ FAISNÉISE

29. Ba chóir neamhláithreacht pháistí de chuid an Lucht Taistil a thaifeadadh mar a dhéantar do gach páiste eile, ag úsáid na gcód cuí neamhláithreachta arna soláthar ag an Roinn i gCiorclán 2010/07.

30. Faoi láthair, caithfidh gach scoil eolas faoi chineál cóiríochta daltaí de chuid an Lucht Taistil a chlárú sa Taifead Dalta ar an Chóras Bainistíochta Faisnéise. Baileofar an t-eolas éigeantach seo mar chuid den suirbhé Fágálaí agus den daonáireamh scoile. Is den riachtanas go gcláraítear an fhaisnéis seo go beacht agus go cruinn, le go gcuirfear ar chumas na Roinne Oideachais bonnlíne staidrimh a tháirgeadh ar féidir a húsáid le monatóireacht

a dhéanamh ar dhul chun cinn pháistí de chuid an Lucht Taistil. Úsáidfear an fhaisnéis seo le polasaithe a bheartú amach anseo. Tá sainmhínithe mionsonraithe in Iarscríbhinn D ar chatagóirí cineálacha cóiríochta ar an Chóras Bainistíochta Faisnéise.

NAISC BHAILE-SCOILE

31. Tá tábhacht ar leith ag baint le teagmháil bhaile-scoile maidir le páistí de chuid an Lucht Taistil óir d'fhéadfadh tacaíocht bhreise bheith de dhíth ar roinnt tuismitheoirí de chuid an Lucht Taistil le go dtig leo leanúint de thacú lena gcuid páistí. D'fhéadfadh eispéiris dhiúltacha a bheith ag cuid mhór tuismitheoirí de chuid an Lucht Taistil ar an chóras oideachais. Is tábhachtach fosta bheith eolach ar na rátaí arda neamhlitearthachta sa phobal aosach Lucht Taistil. B'fhéidir go gcaithfeadh scoileanna bearta praiticúla a chur i bhfeidhm le cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí neamhliteartha ar nós glao gutháin nó litir a léamh amach os ard. In amanna, b'fhéidir go mbeadh gá le cruinniú pearsanta a shocrú; bhainfeadh tuismitheoirí de chuid an Lucht Taistil tairbhe ar leith as polasaí dorais oscailte. Ba mhaith leis an Roinn, cé go n-aithníonn sí na constaicí ar acmhainní, scoileanna a spreagadh leis na bearta praiticiúla seo a cur i bhfeidhm cibé áit ar féidir.

32. Tá baill foirne ag gach Bord a dtig leo cuidiú le scoileanna naisc éifeachtúla bhaile-scoile a chruthú le páistí de chuid an Lucht Taistil agus lena dtuismitheoirí. D'fhéadfadh grúpaí tacaíochta Lucht Taistil, mar ar ann dóibh, nasc leis an Lucht Taistil a chur ar fáil. Mar sin féin, cé go bhfuil baill foirne Boird agus grúpaí tacaíochta Lucht Taistil úsáideach maidir leis an chéad teagmháil a dhéanamh, is é freagracht na scoileanna agus na dtuismitheoirí muinín agus dea-chaidrimh a chothú. D'fhéadfadh scoileanna a machnamh a dhéanamh chomh maith ar an dóigh ar féidir é seo a éascú laistigh den chlár Scoileanna Sínte.

33. D'fhéadfadh leisce a bheith ar roinnt tuismitheoirí de chuid an Lucht Taistil freastal ar oícheanta do thuismitheoirí, laethanta oscailte srl mar gheall ar an fhéidearthacht go mbeadh fhrithghníomhú diúltach ann ó thuismitheoirí eile. Seo ceist a gcaithfear dul i ngleic léi laistigh de chur chuige iomlán scoile maidir le hidirchultúrachas agus ar bhonn pearsanta le tuismitheoirí de chuid an Lucht Taistil. Ba chóir tuismitheoirí de chuid an Lucht Taistil a spreagadh le freastal ar oícheanta tuismitheoirí, laethanta oscailte scoile srl. agus le páirt a ghlacadh i saol na scoile, mar shampla, bheith ina mbaill den Chumann Tuismitheoirí agus Múinteoirí.

34. Chomh maith le ceisteanna a phléitear le gach tuismitheoir, ar nós iompraíochta, gnóthachtála agus ábhair imní agus ionchais tuismitheoirí, b'fhéidir go gcaithfeadh scoileanna saincheisteanna a phlé le tuismitheoirí de chuid an Lucht Taistil má bhíonn deacrachtaí nó ábhair imní ar leith acu, ar nós taistil agus tinrimh, bulaíochta, deiseanna oideachais dóibh féin agus dá gcuid páistí, luach na ngníomhaíochtaí réamh- agus iarscoile, idirchultúrachais nó dearcthaí diúltacha ar an scolaíocht.

BULAÍOCHT

35. Níl bulaíocht d'aon chineál inghlactha i scoileanna. Tá ceanglas dlíthúil ar gach scoil bearta a chur san áireamh ina mbeartas smachta le cosc a chur ar bhulaíocht de gach cineál i measc daltaí agus le haird a thabhairt ar aon treoir a eisíonn an Roinn.[3] Tá cosaint bhreise ag an Lucht Taistil faoin reachtaíocht chiníochais a leagtar amach in Iarscríbhinn A. Chomh maith le bearta dearfacha ar nós cur chuige iomlán scoile maidir le hidirchultúrachas agus cuimsiú, tá dulagas reachtúil ar scoileanna a chinntiú nach bhfulaingíonn páistí de chuid an Lucht Taistil ciapadh, íospairt nó leithscaradh ar bhonn a gcine. Is iomaí dóigh a dtarlaíonn bulaíocht agus leithcheal: tig leis teacht ó bhéal, bheith scríofa agus áirítear leis stéiréitíopáil agus greann míchuí.

[3] An tOrdú um Oideachas agus Leabharlanna (TÉ) 2003

36. D'fhéadfadh gurbh eagla roimh an bhulaíocht ba chúis le roinnt tuismitheoirí de chuid an Lucht Taistil a gcuid páistí a bhaint amach as an chóras oideachais ar fad. Féadfaidh sé sin tarlú fosta de bharr aighnis idir teaghlaigh Taistealaithe. Le dul i ngleic leis an tsaincheist seo tá gá le cur chuige ina bhfuil dhá ghné; mar aon leis an bheartas Frithbhulaíochta atá de dhíth, rud a léiríonn nach nglacfar le bulaíocht de chineál ar bith, ba chóir caidreamh láidir a bhunú le páistí agus tuismitheoirí de chuid an Lucht Taistil lena chinntiú go bhfuil siad eolach air agus go dtuigeann siad an beartas frithbhulaíochta. Cinnteoidh sé sin go mothóidh gach dalta slán sábhailte agus go mbeidh siad ar an eolas faoi ionchais na scoile i dtaca leis an dóigh ar chóir do dhaltaí caitheamh lena chéile.

37. Leanann an Roinn ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí reachtúla agus deonacha trína ballraíocht agus cistiú den Fhóram áitiúil Frithbhulaíochta a sholáthraíonn acmhainní le tacú le scoileanna bulaíocht a aithint agus freagairt a thabhairt uirthi (**www.niabf.org**).

AG OBAIR I GCOMHPHÁIRTÍOCHT

38. Spreagtar scoileanna le hiarracht a dhéanamh obair i gcomhpháirtíocht le páistí agus tuismitheoirí de chuid an Lucht Taistil trí dhul i gcomhairle leo agus breithniú a dhéanamh ar a gcuid tuairimí.

39 Ba chóir do na Boird agus do CCMS gach iarracht a dhéanamh bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Lucht Taistil agus lena gcuid eagras tacaíochta san earnáil dheonach, chomh maith le baill foirne gníomhaireachtaí ar nós Comhairle na Gaelscolaíochta (CnaG) agus Comhairle TÉ um Oideachas Comhtháite (NICIE). Tá cur chuige comhordaithe de dhíth le freastal go héifeachtach ar riachtanais oideachais pháistí de chuid an Lucht Taistil.

40. Tá Tascfhórsa ar Oideachas don Lucht Taistil bunaithe ag an Aire ar aidhm dó cuidiú leis an Roinn plean gníomhaíochta a fhorbairt ar oideachas don Lucht Taistil. Is ar bhonn tras-earnála atá an Tascfhórsa agus áirítear air baill de phobal an Lucht Taistil as gach cearn den Tuaisceart, ionadaithe as réimse eagraíochtaí neamhrialtasacha, chomh maith le Ranna rialtais agus forais phoiblí as gach cearn d'Éirinn. Tá an Tascfhórsa ag tógáil ar theagmháil reatha leis an earnáil dheonach leis na dóigheanna a dtig leis an earnáil agus na heagrais reachtúla atá ag tacú le pobal an Lucht Taistil comhoibriú lena chéile le torthaí níos fearr oideachais a chinntiú.

CISTIÚ

41. Faoin Fhoirmle um Chomhchistiú do Scoileanna, ginfidh gach dalta lánaimseartha atá ainmnithe i ndaonáireamh na scoile mar dhuine de chuid an Lucht Taistil leithdháileadh breise (0.5 den Aonad Dalta Aois-Ualaithe) don scoil. Tá Boird Ghobharnóirí agus Príomhoidí scoileanna indibhidiúla freagrach as buiséad na scoile a chinntiú, a chaitheamh, a phleanáil agus a úsáid chomh héifeachtach agus is féidir de réir riachtanais agus tosaíochtaí choibhneasta a scoileanna féin. Tá sé mar aidhm ag an treoir sa Chiorclán seo cuidiú le scoileanna sa phróiséas sin.

42. Forálann socruithe na Scéime Comhchistithe go mbunaítear Ciste Teagmhais laistigh de gach Bord; tá na Boird ábalta breithniú a dhéanamh ar thacaíocht bhreise a sholáthar i gcás go bhfuil scoileanna faoi bhrúnna breise nó i gcás go bhfuil costais acu nach raibh siad ag súil leo.

43. Má ghlacann scoil le daltaí úra, lena n-áirítear daltaí de chuid an Lucht Taistil, le linn na bliana acadúla, tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuireann an Bord Gobharnóirí aon ábhar imní maidir le deacrachtaí airgeadais faoi bhráid an Bhoird Oideachais & Leabharlann chuí - féach paragraif 4.23 go 4.29 den Scéim Comhchistithe.

44. Cuirtear cistiú breise ar fáil fosta d'oideachas pháistí de chuid an Lucht Taistil do na húdaráis chuí chistiúcháin, na Boird Oideachais agus Leabharlann i láthair na huaire, le hiad a chumasú seirbhísí tacaíochta a sholáthar do scoileanna, do thuismitheoirí agus do pháistí.

SOLÁTHAR OIGE

45. Is ann don tSeirbhís Óige le daoine óga a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh le go dtiocfaidh siad i gcrann agus go mbainfidh siad barr a gcumais amach mar dhaoine aonair a bhfuil a luach orthu agus mar shaoránaigh fhreagracha. D'ainneoin go bhfuil rannpháirtíocht daoine óga ar bhonn deonach, tá bonn daingean ag gníomhaíochtaí na Seirbhíse Óige in éiteas oideachais shóisialta agus cuireann siad oideachas sóisialta ar fáil taobh istigh de chomhthéacs speictream leathan de ghníomhaíocht ilchineálach. Is tábhachtach go leanann na Boird de pháistí agus daoine óga de chuid an Lucht Taistil a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí de chuid na Seirbhíse Óige trí chumarsáid chuí a dhéanamh le pobail de chuid an Lucht Taistil agus lena gcuid ionadaithe leis an aidhm seo a bhaint amach.

COMHTHÉACS REACHTACH

Ullmhaíodh an Ciorclán seo i gcomhthéacs na reachtaíochta seo a leanas:

Sa bhliain 1998, ghlac Comhairle na gComhphobal Eorpach rúin (Uimhreacha Tag: 89/C 153/01- - 02) inar aithin ballstáit an AE an chroíthábhacht atá le soláthar scolaíochta do pháistí Giofóg agus Lucht Taistil agus gheall go gcuirfeadh siad bearta chun cinn le sárú constaicí ar a rochtain ar scolaíocht a chur chun cinn, lastigh de theorainneacha bunreachta agus airgeadais a bpolasaithe agus a struchtúir shainiúla oideachais féin.

Éilíonn **An tOrdú um Athchóiriú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 1989** go mbeidh fáil ag gach dalta dar aois éigeantach scoile i scoileanna deontaschúnta ar churaclam cothrom leathan agus go ndéanfar measúnú rialta ar an dul chun cinn agus go dtabharfar tuairisc dá gcuid tuismitheoirí.

De réir Airteagal 3 (a) den Ordú um Chaidreamh idir Cinícha 1997 tá sé mídhleathach leithcheal a dhéanamh ar bhonn cinioch i gcúig réimse, cúrsaí oideachais ar réimse acu. Rinneadh nuashonrú ar an Ordú um Chaidreamh idir Cinícha faoin Ordú um Chaidreamh idir Cinícha (Leasú) (Tuaisceart Éireann 2003), a shainaithin Lucht Taistil na hÉireann mar ghrúpa cinioch ar leith in Airteagal 5 (3) (a).

Faoi Alt 75 (1) d'Acht Thuaisceart Éireann 1998, tá dualgas reachtúil ar údarás poiblí ainmnithe an aird chuí a bheith aige ina chuid feidhmeanna ar an ghá atá le comhionannas deiseanna a chur chun cinn *"idir daoine ó ghrúpaí cinícha difriúla"*. Lena chois sin ní mór d'údarás poiblí ainmnithe aird a thabhairt ar *"inmhianaitheacht cur chun cinn dea-chaidrimh idir daoine ó ghrúpaí cinícha difriúla"*. Áiríonn sé sin caidrimh idir an Lucht Taistil agus daoine eile. Tá ceanglas ar an Roinn Oideachais, ar na Boird Oideachais agus Leabharlann, ar CCMS, ar CnaG agus ar fhorais chomharbais ar nós an Údaráis um Oideachas agus Scileanna cloí le hAlt 75, siocair gurb iad na forais phoiblí ainmnithe. Tá freagracht ar na húdaráis phoiblí ainmnithe lena chinntiú go gcloíonn gach scoil lena gcuid beartas agus nósanna imeachta.

Éilíonn Airteagal 19 den Ordú um Oideachas agus Leabharlanna (TÉ) 2003 ar Phríomhoide agus ar Bhord Gobharnóirí bearta a chinntiú a dhéanfar le dea-iompar agus meas ar dhaoine eile a spreagadh i measc na ndaltaí agus, go háirithe, gach cineál bulaíochta a chosc i measc daltaí. Áiríonn sé sin dul i gcomhairle le tuismitheoirí agus le daltaí araon.

COMHTHÉACS STRAITÉISEACH

Ullmhaíodh an Ciorclán seo i gcomhthéacs na mbeartas agus na straitéisí rialtais seo a leanas:

Gach Scoil ina Scoil Mhaith: Beartas um Fheabhsú Scoileanna
2009

Ár bPáistí agus Ár nDaoine Óga – Ár nGealltanas
Straitéis Deich mBliana do Pháistí agus do Dhaoine Óga i dTuaisceart Éireann 2006-2016

Straitéis um Chomhionannas Cinioch do Thuaisceart Éireann
2005-2010

Bhí **Conbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh** mar threoir don Chiorclán seo chomh maith.

- Airteagal 2: Ní dhéanfar aon leithcheal ar leanaí agus beidh rochtain chothrom acu ar gach airteagal sa UNCRC
- Airteagal 3: Ba chóir gach cinneadh a théann i bhfeidhm ar shaol leanaí a dhéanamh ar mhaithe le leas an leanaí
- Airteagal 6: Tá an ceart chun na beatha agus chun an leibhéal is airde forbartha ag gach leanbh
- Airteagal 12: Tá an ceart ag leanaí cluas éisteachta a fháil i ngach ábhar a bhaineann leo
- Airteagal 28: Tá an ceart chun oideachais ag leanaí agus ba chóir go mbeadh sé sin ar bhonn comhionannas deise, lena n-áirítear, cur chun cinn bunscolaíocht shaor agus éigeantach agus bearta le tinreamh rialta a spreagadh
- Airteagal 29: Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm ag oideachas pearsantacht, buanna agus cumais an leanaí a fhorbairt oiread agus is féidir, meas ar chearta an duine, ar a dteaghlach agus ar a bhféiniúlacht chultúrtha a fhorbairt, mar aon le meas ar luachanna cultúr seachas a gcultúr féin
- Airteagal 30: Tá an ceart ag leanaí ó phobail mhionlaigh sult a bhaint as a gcultúr féin agus a gcreideamh agus a dteanga féin a admháil agus a chleachtadh

DEA-CHLEACHTAS IN OIDEACHAS LUCHT TAISTIL

Tá samplaí san alt seo de dhea-chleachtas in oideachas Lucht Taistil sa tuaisceart. Ba chóir do scoileanna a bhfuil samplaí eile acu de dhea-chleachtas teagmháil a dhéanamh lena n-údarás cuí cistiúcháin (na Boird Oideachais agus Leabharlann i láthair na huaire) le gur féidir an t-eolas sin a roinnt le scoileanna eile. Ba chóir do scoileann indibhidiúla breithniú a dhéanamh ar na smaointe sin a chur i bhfeidhm atá níos fóirsteanaí dá gcuid daltaí.

Cuimsiú i dTionscadal Oideachais

Thosaigh an Cuimsiú i dTionscadal Oideachais mar scéim phíolótach idir bunscoil agus meánscoil i mBord Oideachais agus Leabharlann an Deiscirt in éineacht le baill foirne an Bhoird, an Grúpa Tacaíochta Lucht Taistil áitiúil, CCMS agus an ghníomhaireacht áitiúil oiliúna. Tá sé ina chúigiú bliain anois; tugann scoileanna, tuismitheoirí agus daoine óga de chuid an Lucht Taistil tacaíocht mhaith dó. Tugann an tionscadal an deis do dhaoine óga de chuid an Lucht Taistil triail a bhaint as cúrsaí gairme breise ag Eochairchéim 3 agus feabhsaíonn sé tinreamh agus gnóthalacht ag an bhunleibhéal. Le níos mó eolais a fháil ar an tionscadal seo déan teagmháil le BOLD

'Ag Bogadh Suas'

Tá Clár Aistrithe darb ainm 'Ag Bogadh Suas' forbartha ag Bord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste, rud a cheanglaíonn cuairteanna ó mhúinteoirí meánscoileanna chuig daltaí P7 le ceardlann a sheachadtar do dhaltaí P7 faoi 'Ag Bogadh Suas'. Le níos mó eolais a fháil ar an chlár seo déan teagmháil le BOLBF.

Na Chéad Chéimeanna i dTreo na Fostaíochta

Is clár é Na Chéad Chéimeanna i dTreo na Fostaíoctha a chuaigh chun tairbhe do dhaltaí de chuid an Lucht Taistil i gColáiste Naomh Pádraig ar an Bhaile Mheánach. Tugann an cúrsa deis do dhaltaí fáil amach faoi dheiseanna fostaíochta, foghlaim faoin dóigh ar chóir eolas pearsanta a chur i láthair i bhfoirm scríofa, ullmhú le haghaidh agallamh poist agus breithniú a dhéanamh ar a gcuid deiseanna gairme. I measc na réimsí foghlama eile tá cur i láthair, treallús, bainistiú ama, scileanna idirphearsanta agus athmhuintearas. Cé nach bhfuil cistiú YESIP ar fáil níos mó, ofrálann OCR an cúrsa Pleanáil agus Ullmhú le haghaidh Fostaíochta agus ofrálann CCEA Teastas Leibhéal 1 i Scileanna Fostaíochta. Le níos mó eolais a fháil ar an chlár seo déan teagmháil le BOLD.

TEAGMHÁLAITHE ÚSÁIDEACHA

Ainm	Post/Eagraíocht	Uimhir Ghutháin	Seoladh ríomhphoist
Ceantar BOLBF			
Pamela Woods	Ionadaí Lucht Taistil BOLBF	028 90564356	Pamela.woods@belb.co.uk
Derek Hanway	An Munia Tober	028 90438265	derekh@anmuniatober.org
Ceantar BOLOT			
David Lewers	Oifigeach Cúnta Comhairleach don Lucht Taistil	028 25662387	david.lewers@neelb.org.uk
Ceantar BOLOD			
Peter Corr	Ionadaí Lucht Taistil BOLOD		Peter.Corr@seelb.org.uk
Ceantar BOLD			
Jim Maye	Oifigeach Tacaíochta Lucht Taistil BOLD	028 37520728	jim.maye@selb.org
Alex Barr	Príomhoifigeach Leasa Oideachais BOLD		alex.barr@selb.org
Fidelma McCoy	Grúpa Tacaíochta Lucht Taistil Ard Mhacha	02837522262	atsg@adhsst.n-i.nhs.uk
	Coiste Tacaíochta Lucht Taistil Craigavon	028 38342089	craigavon.travellers@btopenworld.com
Seamus Donnelly	Comhordaitheoir Thionscadal An Tearmainn (Oileán an Ghuail)	028 87748556	sdantearmann@btopenworld.com
Ceantar BOLI			
Philomena McDermott	Ionadaí Lucht Taistil BOLI	028 82411411	philomena_mcdermott@welbni.org
Margaret Boyle	Grúpa Tacaíochta Lucht Taistil Dhoire	028 71359340	derrytravellers@btconnect.com
Ar fud TÉ			
Caroline Evans	Ceannaire, An Fhoireann um Riachtanais Bhreise Oideachais, An RO	028 91279700	Caroline.evans@deni.gov.uk
John McGoran	Leas-Phríomhoide, An Fhoireann um Riachtanais Bhreise Oideachais, An Roinn Oideachais/Rúnaireacht an Tascfhórsa ar Oideachas Lucht Taistil	028 91279514	john.mcgoran@deni.gov.uk
Kieran Shields	Cathaoirleach grúpa straitéisigh Idir-Bhoird	028 37415381	kieran.shields@selb.org
Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann		028 90 500 600	information@equalityni.org
Ar fud na R.A. --			
Cumann Náisiúnta Múinteoirí an Lucht Taistil + Gairmithe Eile		0113 740445	www.natt.org.uk

AG COMHLÁNÚ NA RÉIMSE 'CINEÁL CÓIRÍOCHTA'

Is féidir teacht ar an réimse éigeantach 'Cineál Cóiríochta' sa Taifead Dalta faoin phainéal Eitneach/Cultúrtha.

Is féidir gurb é an fhoinse sonraí an páiste, an tuismitheoir nó 'eile', leithéidí an comhordaitheoir Lucht Taistil nó an Múinteoir idirchaidreamh Lucht Taistil.

Is iad na cúig chatagóir agus a gcuid cód:

Tithíocht Shóisialta	TS
Láithreán Údaraithe	LÚ
Láithreán Neamhúdaraithe	LN
Taobh an Bhóthair	TB
Eile	E

Seo a leanas mionchur síos ar gach ceann:

Tithíocht Shóisialta: Seo an cur síos ar thithíocht ar bith de chuid na hearnála poiblí (Feidhmeannas Tithíochta nó Cumann Tithíochta) agus áirítear léi Cóiríocht Ghrúpáilte ar achair tithíochta chónaitheacha iad ina bhfuil áiseanna agus áiseanna breise a dearadh go sainiúil le cóiríocht a chur ar fáil do theaghlaigh shínte de chuid an Lucht Taistil ar bhonn buan.

Láithreán Údaraithe: Seo an cur síos ar réimse leathan de chóiríocht bhainistithe mar a bhfuil áit bhuan ag teaghlaigh de chuid an Lucht Taistil lena gcarbháin a pháirceáil nó le foirgneamh ilchodach frámaí adhmaid a thógáil mar a soláthraítear leictreachas, uisce agus córas séarachais agus mar a bhfuil áiseanna eile ar nós aonaid chonláistí phobail nó aonair (ina bhfuil leithris, ionad níocháin agus socruithe cónaí lae) ar fáil. Áirítear sa chatagóir seo fosta láithreáin neamhbhuana ar láithreáin oifigiúla iad don Lucht Taistil fánach agus a thairgeann áiseanna bunúsacha; pic tarmac dromchla, sconsa sreinge, draenáil, uisce, portaloo agus córas séarachais, diúscairt/bailiú dramhaíola, láithreáin chomhoibrithe ar láithreáin iad ar thalamh ar le Ranna Rialtais é mar a mbíonn an Lucht Taistil lonnaithe go sealadach agus láithreáin phríobháideacha ar leis an Lucht Taistil iad nó atá acu ar cíos.

Láithreán Neamhúdaraithe Láithreán nach bhfuil cead ag an Lucht Taistil cónaí air agus mar ar éadócha áiseanna ar nós uisce reatha, córas séarachais agus bailiú bruscair a bheith ar fáil.

Taobh an Bhóthair: Tagraíonn sé seo d'aonad soghluaiste nó do ghrúpa d'aonaid shoghluaiste páirceáilte ar thaobh an bhóthair.

Eile: Áirítear sa chatagóir seo baile príobháideach ar le duine de chuid an Lucht Taistil é nó atá ar cíos, cóiríocht do dhaoine gan dídean agus cóiríocht ar bith eile nach bhfuil sna catagóirí thuas. Níor chóir an catagóir seo a úsáid mura bhfuil a fhios cén cineál cóiríochta atá i gceist.